Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Márta 2022
(OR. en)

7169/22

LIMITE

CORLX 277
CFSP/PESC 372
EPF AM 19
CSDP/PSDC 138
CSC 94
EUMC 84
COPS 115
POLMIL 62

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh |

**CINNEADH (CBES) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2022/338[1], bunaítear méid tagartha airgeadais EUR 450 000 000 atá beartaithe chun soláthairtí arna seachadadh d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine a chumhdach.

(2) I bhfianaise na coinbhleachta armtha atá ar siúl ar chríoch na hÚcráine, ba cheart EUR 450 000 000 breise a chur leis an méid tagartha airgeadais agus ba cheart síneadh 12 mhí a chur le fad an bhirt cúnaimh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/338 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh (CBES) 2022/338 an 28 Feabhra 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 60, 28.2.2022, lch. 1).

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Mairfidh an Beart Cúnaimh 36 mhí ó ghlacadh an Chinnidh seo.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. EUR 900 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chumhdach.";

(3). in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Chinneadh (CBES) 2021/509, féadfaidh an riarthóir um bearta cúnaimh glao ar thograí a dhéanamh tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, suas go EUR 900 000 000. Ní úsáidfear cistí a ghlaofaidh an riarthóir ach chun caiteachas a íoc laistigh de na teorainneacha arna bhformheas ag an gCoiste arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 i mbuiséad leasaitheach 2022 a chomhfhreagraíonn don Bheart Cúnaimh.";

(4) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Beidh an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chur chun feidhme cáilithe amhail ón 1 Eanáir 2022, agus go dtí dáta a chinnfidh an Chomhairle. Cumhdóidh ar a laghad 50 % den mhéid tagartha airgeadais caiteachas arna thabhú amhail ón 11 Márta 2022.";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

*"Airteagal 5*

Ceadóidh na Ballstáit trealamh míleata a idirthuras, lena n-áirítear pearsanra tionlacain, trína gcríocha, lena n-áirítear a n-aerspás, i gcomhréir le hAirteagal 56(3) de Chinneadh (CBES) 2021/509.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*